CINNEADH (CBES) 2023/2066 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1599 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Meitheamh 2023, d'fhormheas an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime le haghaidh comhpháirtíocht slándála agus cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine. Tá an coincheap sin bunaithe ar chur chuige comhtháite maidir le comhpháirtíocht slándála agus cosanta le Beinin, leis an gCósta Eabhair, le Gána agus le Tóga, lena n-áirítear misean a bhunú faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), eadhon Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'), arna chomhlánú le comhairleoirí míleata a imscaradh i dtoscaireachtaí an Aontais, i gcomhar le bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata a sholáthar agus i sineirgíocht le tionscadail a bhaineann leis an tslándáil.

(2) An 3 Lúnasa 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1599 ([1]), lenar bunaíodh an Tionscnamh i mBeinin agus i nGána, bunaithe ar chuirí a fuarthas ó na tíortha sin.

(3) I litir dar dáta an 17 Iúil 2023, d'iarr Príomh-Aire Phoblacht Thóga ar an Aontas an Tionscnamh a imscaradh ar a chríoch.

(4) I litir dar dáta an 20 Iúil 2023, d'iarr Príomh-Aire Phoblacht an Chósta Eabhair ar an Aontas an Tionscnamh a imscaradh ar a chríoch.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Tionscnamh a bhunú sa Chósta Eabhair agus i dTóga freisin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1599 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2023/1599:

'*Airteagal 1*

Bunú

1. Seolfaidh an tAontas Misean faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a mbeidh sé mar chuspóir straitéiseach aige cabhrú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ina bhfuil an Misean sin bunaithe cumais leordhóthanacha a fhorbairt laistigh dá bhfórsaí slándála agus cosanta chun smacht a choinneáil ar an mbrú atá ar ghrúpaí armtha sceimhlitheoireachta agus freagairt dó.

2. Ainmneofar an Misean dá dtagraítear i mír 1 'Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine' ('an Tionscnamh').

3. Bunaítear leis seo an Tionscnamh i mBeinin, sa Chósta Eabhair, i nGána agus i dTóga.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (IO L 196, 4.8.2023, lch. 25).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 16 Lúnasa 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. GÓMEZ HERNÁNDEZ